BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Achomharc – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise na staide san Úcráin – Cinneadh 2014/145/CBES – Airteagal 1(1) *in fine* – Bearta sriantacha arna bhforchur ar dhuine nádúrtha a bhfuil baint acu le duine nádúrtha eile atá faoi réir bearta sriantacha é féin – Coincheap 'an chomhlachais i gcás beirt atá nasctha trí ghaol teaghlaigh')

I gCás C-703/23 P,

ACHOMHARC faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 16 Samhain 2023,

Elena Petrovna Timchenko, atá ina cónaí sa Ghinéiv (an Eilvéis), dá ndéanann S. Bonifassi, T. Bontinck agus E. Fedorova ionadaíocht, i gcáil abhcóidí,

iarratasóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

Comhairle an Aontais Eorpaigh, dá ndéanann M.-C. Cadilhac agus V. Piessevaux ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann M. Carpus-Carcea, C. Giolito agus H. Krämer ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí ag an gcéad chéim,

AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), Uachtarán an Dlísheomra, D. Gratsias, E. Regan, J. Passer agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 10 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena hachomharc, iarann an t-achomharcóir go gcuirfí breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 6 Meán Fómhair 2023, *Timchenko* v *an Chomhairle* (T-361/22, 'an breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:502), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá caingean ag iarraidh, ar an gcéad dul síos, Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 55) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 3) (le chéile, 'na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid') agus (ii) Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 239, lch. 149) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 239, lch. 1) (le chéile. 'na gníomhartha eile atá faoi chonspóid'), a mhéid a bhaineann na gníomhartha tosaigh agus na gníomhartha eile (le chéile, 'na gníomhartha atá faoi chonspóid') léi, agus ar an dara dul síos, cúiteamh as an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing sí mar thoradh ar na gníomhartha sin a ghlacadh.

An dlí lena mbaineann agus cúlra na díospóide

2 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 2 go 16 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Chun críocha na n-imeachtaí seo, féadfar achoimre a dhéanamh air agus is féidir an cúlra a achoimriú agus a chur i gcríoch mar seo a leanas.

Cinneadh (AE) 2014/145

3 Tar éis ionradh fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin an 25 Feabhra 2022, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Cinneadh 2014/145/CBES, a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 50, lch. 1).

4 Le hAirteagal 1(1) de Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16), arna leasú le Cinneadh 2022/329 ('Cinneadh 2014/145'), cuirtear

toirmeasc ar dhaoine nádúrtha a theacht isteach nó idirthuras trí chríoch na mBallstát a chomhlíonann na critéir a leagtar síos, go háirithe, i míreanna (a), (b) agus (e), déantar foráil le hAirteagal 2(1) de Cinneadh 2014/145 maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine nádúrtha a reo a chomhfhreagraíonn do na critéir dá bhforáiltear, *inter alia*, i míreanna (a), (d) agus (g), tá na critéir sin comhionann go bunúsach leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 1(1)(a), (b), agus (e) den Chinneadh sin. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 1(1) *in fine* agus le hAirteagal 2(1) *in fine* den chinneadh sin go bhféadfar bearta sriantacha den sórt sin a fhorchur freisin, *inter alia*, ar dhaoine nádúrtha a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha atá faoi réir bearta sriantacha faoi na critéir thuasluaite.

5 Is mar seo a leanas atá Airteagal 1(1) de Chinneadh 2014/145:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach nó idirthuras na ndaoine seo a leanas ar a gcríocha a chosc:

(a) daoine nádúrtha atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den chobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin, nó as na gníomhaíochtaí nó beartais sin a chur chun feidhme;

(b) daoine nádúrtha a dhéanann tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le lucht déanta cinntí na Rúise, lucht atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, nó a bhaineann tairbhe as an lucht sin;

[…]

(e) príomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine,

agus daoine nádúrtha a bhfuil baint acu leo, mar a liostaítear san Iarscríbhinn.’

Rialachán Uimh. 269/2014,

6 An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/330 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L. 51, lch. 1).

7 Sa chomhthéacs sin, thug an Chomhairle isteach, in Airteagal 3(1)(a), (d), (g) agus *in fine* de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6), arna leasú le Rialachán 2022/330 (‘Rialachán Uimh. 269/2014’), na critéir chéanna a leagtar amach i mír 5 den bhreithiúnas seo.

Na gníomhartha atá faoi chonspóid

Na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid

8 An 8 Aibreán 2022, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin, ghlac an Chomhairle na gníomhartha tosaigh atá i gceist. Leagtar an méid seo a leanas amach in aithrisí 6 agus 7 den Treoir sin:

> ‘(6) Sna conclúidí uaithi an 24 Márta 2022, luaigh an Chomhairle Eorpach gur sárú fíochmhar ar an dlí idirnáisiúnta é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus líon ollmhór sibhialtach á ghortú agus á mharú mar thoradh air, agus go bhfuil an tAontas [Eorpach] réidh i gcónaí chun lúba ar lár a dhúnadh agus chun aghaidh a thabhairt ar aon dul timpeall atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na bearta sriantacha a glacadh cheana féin agus dul ar aghaidh go tapa le dian-smachtbhannaí comhordaithe breise ar an Rúis agus ar an mBealarúis, chun cumas na Rúise leanúint den fhogha seo a chur ó mhaith.
>
> (7) I bhfianaise thromchúis na staide, measann an Chomhairle gurb iomchuí bearta sriantacha a fhorchur ar phríomhdhaoine gnó atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ar dhaoine a thugann tacaíocht do Rialtas Chónaidhm na Rúise nó a thairbhíonn as agus ar dhaoine nádúrtha a bhfuil baint acu leis na daoine sin, lena n-áirítear baill teaghlaigh a bhaineann tairbhe mhíchuí astu.’

9 Thairis sin, leis na gníomhartha sin, cuireadh ainm an achomharcóra leis an liosta atá i gceangal le Cinneadh 2014/145 agus leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014, ar na cúiseanna seo a leanas:

> ‘Is í Elena [Petrovna] Timchenko bean chéile an bhilliúnaí Gennady Timchenko, a liostaítear faoi [Chinneadh 2014/145/CBES]. Glacann sí páirt ina ghnóthaí poiblí tríd an Timchenko Foundation. Tá tairbhe á baint aici, dá bhrí sin, as Gennady Timchenko, duine atá freagrach as tacaíocht a thabhairt le gníomhaíochtaí agus le beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a thabhairt, agus tairbhe a bhaint as chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.’

Na gníomhartha cothabhála atá i gceist

10 An 14 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle na gníomhartha cothabhála atá faoi chonspóid chun síneadh a chur leis na bearta sriantacha a glacadh i gcoinne an achomharcóra. Tá na gníomhartha sin bunaithe ar chúiseanna arb ionann iad agus na cúiseanna a leagtar amach sna gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus a leagtar amach sa mhír roimhe seo.

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

11 Le hiarratas an 17 Meitheamh 2022, d’iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann siad léi agus cúiteamh a dhámhachtain di as an damáiste neamhábhartha a d’fhulaing sí toisc gur glacadh na gníomhartha sin, dar léi. Ina caingean le haghaidh neamhniú, d’áitigh sí, go háirithe, go ndearna an Chomhairle

earráid mheasúnaithe nuair a mheas sí go raibh 'baint' aici lena fear céile, de réir bhrí, go háirithe, Airteagal 1(1) *in fine* de Chinneadh 2014/145 ('critéar an chomhlachais'), lena fear céile, ar forchuireadh bearta sriantacha air faoi Airteagal 1(1)(a) den Chinneadh sin ('critéar (a)') go háirithe.

12 Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, *inter alia*, i míreanna 67 go 85 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, do shaincheist dlí an achomharcóra lena líomhnaítear earráid mheasúnaithe. Tar éis di a chinneadh, i míreanna 74 go 76 den bhreithiúnas sin, gur thagair coincheap an chomhlachais go háirithe do dhaoine den teaghlach céanna atá nasctha ag leasanna coiteanna a théann níos faide ná an gaol teaghlaigh eatarthu, agus nár caitheadh amhras ar an sainmhíniú sin le haithrisí 7 de na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas sin, go bhfuil an t-achomharcóir ina comhalta de bhord stiúrthóirí an Timchenko Foundation agus gurbh iad an t-achomharcóir agus a fear céile bunaitheoirí an Timchenko Foundation agus go raibh ról gníomhach acu sa mhéid is go raibh baint dhíreach acu lena ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus go raibh cumhachtaí suntasacha acu.

13 Chinn an Chúirt Ghinearálta ansin, i mír 79 den bhreithiúnas, go raibh an Chomhairle i dteideal, gan earráid mheasúnaithe a dhéanamh, a mheas go raibh baint ag an achomharcóir, laistigh den Timchenko Foundation, lena fear céile, ar fear é féin a chomhlíon, mar ba léir ó bhreithiúnas an 6 Meán Fómhair 2023, *Timchenko* v *an Chomhairle* (T-252/22, EU:T:2023:496), *inter alia*, an critéar (a) agus, dá bhrí sin, bearta sriantacha a ghlacadh ina coinne.

14 Dhíbh an Chúirt Ghinearálta freisin, i mír 82 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, argóint an achomharcóra nach raibh baint ag a gníomhaíochtaí laistigh de Timchenko Foundation le hionradh na hÚcráine, ar an bhforas nár foráladh le critéar (a) do nasc den sórt sin.

15 Ós rud é gur dhíbh an Chúirt Ghinearálta saincheisteanna dlí eile an achomharcóra agus gur dhiúltaigh sí dá héileamh ar dhamáistí, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean ina hiomláine.

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe

16 Trína achomharc, iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

– an chaingean de bhua an tuillteanais a réiteach agus na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní sa mhéid a bhaineann siad léi, agus

– a ordú don Chomhairle costais an dá chás a íoc.

17 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– ordú a thabhairt don achomharcóir na costais a íoc.

18 Iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– ordú a thabhairt don achomharcóir na costais a íoc.

An t-achomharc

19 Áitíonn an t-achomharcóir trí shaincheist dlí mar thaca lena hachomharc, an chéad saincheist dlí lena líomhnaítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí léiriú treallach agus earráideach a ghlacadh ar chritéar an chomhlachais i ndáil leis an gcoincheap 'leasanna coiteanna'; an dara saincheist dlí, lena líomhnaítear earráid dlí ina léiriú ar an bhfocal 'go míchuí' in aithris 7 de Chinneadh 2022/582; agus an tríú ceann, lena líomhnaítear earráid dlí ina léiriú ar an gcritéar sin i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú leis na bearta sriantacha, agus mainneachtain an oibleagáid réasúin a shonrú.

An chéad saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

20 Lena céad saincheist dlí, líomhnaíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ina léiriú ar chritéar an chomhlachais, a mhéid is gur féidir, leis an léiriú sin, an critéar sin a chur i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha mar gheall go bhfuil caidreamh teaghlaigh acu le duine atá faoi réir bearta sriantacha agus mar gheall air sin amháin, contrártha leis an gcásdlí a eascraíonn go háirithe as breithiúnas an 13 Márta 2012, *Tay Za* v *an Chomhairle* (C-376/10 P, EU:C:2012:138). Chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 74 agus 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, i gcás inar ball teaghlaigh le duine atá faoi réir bearta sriantacha é duine nádúrtha, gur gá a shuíomh go bhfuil nasc oibiachtúil ann idir na 'leasanna coiteanna idirghaolmhara', nach gá a bheith i bhfoirm gníomhaíocht eacnamaíoch ná a chur ar bhonn foirmiúil i gcomhstruchtúr dlíthiúil. De réir na dtéarmaí doiléire sin, d'fhéach an Chúirt Ghinearálta le líon an-mhór cásanna a chuimsiú gan aon leasanna coiteanna a shainaithint a théann níos faide ná gaol teaghlaigh amháin agus gan soiléiriú a dhéanamh ar choincheap na 'leasanna coiteanna idirghaolmhara', de shárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

21 Cé go n-aithníonn an t-achomharcóir nach mór comhthéacs agus imthosca gach cás a chur san áireamh, maíonn an t-achomharcóir gur cheart go mbeadh sé mínithe ag an gCúirt Ghinearálta cén chaoi a dtéann na leasanna coiteanna thar raon na leasanna coiteanna a bhaineann go dlúth le haon chaidreamh teaghlaigh de bharr a gcineáil, a gcáilíochta agus a gcainníochta, chun a bheith in ann a léiriú go hoibiachtúil gurb ann do leasanna coiteanna idirghaolmhara. Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh baint ag an t-achomharcóir lena fear céile gan aon nasc gnó nó eacnamaíoch, caipitil nó nasc eile a shainaithint idir an bheirt acu seachas caidreamh teaghlaigh amháin. Sonraíonn an t-achomharcóir, i míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta ach an bhaint idir í féin agus a fear céile a bhaint de thátal as na gnáthfheidhmeanna agus na gnáthchumhachtaí a ghabhann le stádas mar bhunaitheoir i gcomhlachas carthanúil, cé gur cuid dá gcaidreamh teaghlaigh é leas coiteann na gcéilí tabhairt faoi ghníomhaíocht charthanúil.

22 Measann an Chomhairle go bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh amhras a chaitheamh ar mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar na fíorais i míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Ach amháin i gcás shaobhadh, nár mhaígh an t-achomharcóir sa chás seo, ní ceist dlí é measúnú na bhfíoras agus na fianaise atá faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc, agus dá bhrí sin, ba cheart a dhearbhú go bhfuil argóintí an achomharcóra, sa mhéid sin, do-ghlactha. Maidir leis an gcuid eile, cuireann an Chomhairle i gcoinne argóintí an achomharcóra maidir leis an tsubstaint.

23 Cuireann an Coimisiún i gcoinne thuillteanas na n-argóintí a rinne an t-achomharcóir.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

– *Inghlacthacht*

24 Ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 256 CFAE agus Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, gur ar phointí dlí amháin atá an t-achomharc. Tá dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta chun na fíorais ábhartha a aimsiú agus a mheasúnú agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise. Dá bhrí sin, ní hionann measúnú na bhfíoras agus na fianaise sin, ach amháin i gcás ina ndéantar iad a shaobhadh, agus pointe dlí atá, sa cháil sin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún*, C-31/23 P, EU:C:2024:851, mír 89 agus an cásdlí dá dtagraítear). Os a choinne sin, tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais faoi Airteagal 256 CFAE athbhreithniú a dhéanamh ar shaintréithriú dlíthiúil na bhfíoras arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta agus ar na conclúidí dlíthiúla a bhain sí astu (breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Chomhairle* v *Alumina*, C-393/13 P, EU:C:2014:2245, mír 16 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Sa chás seo, measann an Chomhairle, trí chuid dá hargóintí, go bhféachann an t-achomharcóir le hamhras a chaitheamh ar mheasúnú na bhfíorais agus na fianaise ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

26 Ní féidir glacadh leis an bhforas do-ghlacthachta sin. Is léir ón achomharc, trína céad saincheist dlí, nach bhféachann an t-achomharcóir le cur i gcoinne na gcinntí agus na measúnuithe fíorasacha atá mar bhonn lena baint lena fear céile, mar a rinne an Chúirt Ghinearálta i míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Trí na míreanna sin a cháineadh, déanann sí gearán gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 79 den bhreithiúnas sin, go raibh baint den sórt sin ann gan leasanna coiteanna a shainaithint, ag teacht salach ar na critéir a leag sí i míreanna 74 agus 76 den bhreithiúnas sin, a bheadh mar cheangal ar an mbeirt chéile seachas a gcaidreamh teaghlaigh. Sna himthosca sin, baineann argóintí an achomharcóra le hathbhreithniú a dhéanamh ar shaintréithriú dlíthiúil na bhfíoras sin arna déanamh ag an gCúirt Ghinearálta agus ar na conclúidí dlíthiúla a bhain an Chúirt Ghinearálta astu, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 24 den bhreithiúnas seo. Dá réir sin, tá an chéad saincheist dlí inghlactha ina hiomláine.

– *Substaint*

27 Lena céad saincheist dlí, déanann an t-achomharcóir gearán gur ghlac an Chúirt Ghinearálta, sa chéad áit, i míreanna 74 agus 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus de shárú ar an gcásdlí a eascraíonn go háirithe as breithiúnas an 13 Márta 2012, *Tay Za* v *an Chomhairle* (C-376/10 P, EU:C:2012:138), léiriú chomh leathan sin ar chritéar an chomhlachais nach féidir an critéar a

chur i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha ach amháin ar an mbonn go bhfuil gaol teaghlaigh ann le duine atá faoi réir bearta sriantacha. Áitíonn sí freisin go sáraíonn an léiriú leathan arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

28 Sa chás seo, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 74 agus 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go gcumhdaítear le coincheap an chomhlachais, *inter alia*, daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá nasctha go ginearálta le leasanna coiteanna gan nasc trí ghníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ag teastáil. Dá bhrí sin, baineann an coincheap sin le haon duine nádúrtha a bhfuil nasc a théann níos faide ná a chaidreamh teaghlaigh le duine atá faoi réir bearta sriantacha. Shonraigh an Chúirt Ghinearálta, i gcás ina bhfuil na daoine sin nasctha trí chaidreamh teaghlaigh, gur gá a shuíomh go bhfuil nasc oibiachtúil ann idir 'leasanna coiteanna idirghaolmhara', nach gá a chur ar bhonn foirmiúil i struchtúr dlíthiúil arna chruthú chun na críche sin.

29 Ní hionann an sainmhíniú sin agus coincheap an chomhlachais a theorannú do ghaol teaghlaigh amháin a bheith ann. Tugtar le tuiscint leis an léiriú arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta nach mór leasanna coiteanna a théann níos faide, go hoibiachtúil, ná gaol teaghlaigh amháin a thabhairt ar aird chun gur féidir a mheas go bhfuil 'baint' ag baill teaghlaigh de réir bhrí chritéar an chomhlachais.

30 Agus an méid sin á dhéanamh aici, chinn an Chúirt Ghinearálta nach mór do leasanna coiteanna na mball teaghlaigh sin dul thar raon na leasanna coiteanna atá a bhaineann go dlúth le haon chaidreamh teaghlaigh.

31 Ós rud é gur leor go dtéann na leasanna coiteanna sin go hoibiachtúil thar an ngaol teaghlaigh idir an bheirt lena mbaineann, ní gá, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart agus i gcodarsnacht leis an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, go n-eascraíonn gníomhaíocht eacnamaíoch as na leasanna sin nó go gcuirfí ar bhonn foirmiúil iad i struchtúr dlíthiúil.

32 Ós rud é go n-úsáidtear an focal 'baint' atá mar shampla in Airteagal 1(1) *in fine* de Chinneadh 2014/145 go ginearálta gan aon soiléiriú ná comhthéacsú breise agus, mar is léir freisin, go bunúsach, ó aithrisí 6 agus 7 de gach ceann de na gníomhartha tosaigh atá i gceist, gurb é is cuspóir do bhearta sriantacha a fhorchur ar dhaoine atá a bhfuil baint acu le daoine eile atá faoi réir na mbeart sin ná an baol go rachfaí timpeall ar na bearta sin a sheachaint (féach, de réir analaí, breithiúnais an 14 Meitheamh 2018, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, C-458/17 P, EU:C:2018:441, mír 79, agus an 1 Deireadh Fómhair 2020, *Souruh* v *an Chomhairle*, C-350/19 P, EU:C:2020:784, mír 83), ní mór léiriú leathan a thabhairt ar choincheap an chomhlachais nach féidir a theorannú, dá bhrí sin, do naisc ghnó nó naisc eacnamaíocha nó naisc atá bunaithe ar scairsheilbh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 11 Samhain 2021, *Bank Sepah* (C-340/20, EU:C:2021:903, mír 56).

33 Thairis sin, níor sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabail na deimhneachta dlíthiúla trí choincheap an chomhlachais a léiriú mar a leagtar amach i mír 28 den bhreithiúnas seo. Ba cheart a mheabhrú nach féidir a thuiscint ón bprionsabal sin, lena gceanglaítear go mbeadh na rialacha dlí soiléir agus beacht agus go mbeadh a gcur i bhfeidhm intuartha do na daoine atá faoina réir, go háirithe i gcás ina bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith acu, go gceanglaítear ar reachtas nó ar Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, i gcomhthéacs riail a ghlacann an reachtas agus a léiríonn na cúirteanna sin, tagairt a dhéanamh do na cásanna sonracha éagsúla ina bhféadfadh feidhm a bheith aici, ós rud é nach féidir na cásanna sin go léir a chinneadh roimh ré. (féach,

chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *an Liotuáin agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle* (Pacáiste soghluaisteachta) (C-541/20 go C-555/20, EU:C:2024:818, mír 159 agus 160 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl i mír 55 dá Tuairim agus mar is léir ó mhír 28 den bhreithiúnas seo, i míreanna 74 agus 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, shainaithin an Chúirt Ghinearálta critéir atá soiléir agus beacht go leor chun an coincheap sin a chur i bhfeidhm i gcás beirt a bhfuil gaol teaghlaigh acu, cé nár ceanglaíodh uirthi tagairt mhionsonraithe a dhéanamh do na cásanna ina bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcoincheap sin toisc, ar an gcéad dul síos, nach mór an coincheap sin a léiriú go leathan agus, ar an dara dul síos, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 74 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus mar a áitíonn an t-achomharcóir féin ina haighneachtaí i scríbhinn chuig an gCúirt Bhreithiúnais, go mbraitheann na cineálacha caidrimh a d'fhéadfadh sé a chumhdach 'ar na comhthéacsanna agus ar na himthosca atá i gceist'.

35 Ar an dara dul síos, cáineann an t-achomharcóir an Chúirt Ghinearálta as a cinneadh, i mír 79 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint aici lena fear céile, cé, murab ionann agus an méid a chinn sí roimhe sin i míreanna 74 go 76 den bhreithiúnas sin, nár shuigh sí, i bhfianaise na gcinntí fíorasacha a leagtar amach i míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas sin, gurb ann do 'leasanna coiteanna idirghaolmhara' idir an dá chéile a théann níos faide ná a ngaol teaghlaigh.

36 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar chuid den athbhreithniú ar dhlíthiúlacht na gcúiseanna atá mar bhonn leis an gcinneadh ainm duine a chur nó a choinneáil ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha, go gceanglaítear ar Chúirteanna an Aontais, le héifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a ráthaítear le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a fhíorú, sa bhreis ar chineál sách mionsonraithe agus sonrach na gcúiseanna ar a bhfuiltear ag brath, an bhfuil na cúiseanna sin, nó ar a laghad ceann amháin acu, ina mbonn leordhóthanach ann féin chun tacú leis an gcinneadh sin. Ina theannta sin, ceanglaítear ar Chúirt an Aontais a áirithiú go ndéanfar an cinneadh sin, a dhéanann difear don duine aonair lena mbaineann, ar bhonn fíorasach sách láidir. Fágann sé sin nach mór na líomhaintí fíorasacha atá san achoimre ar na cúiseanna atá mar bhonn leis an gcinneadh sin a fhíorú, agus mar thoradh air sin nach féidir an t-athbhreithniú breithiúnach a theorannú do mheasúnú ar chomhchoibhneas teibí na gcúiseanna ar a bhfuiltear ag brath, ach gur gá go mbainfeadh sé leis na cúiseanna sin nó, ar a laghad, le ceann amháin de na cúiseanna sin ar a laghad, a mheastar a bheith leordhóthanach ann féin chun tacú leis an gcinneadh sin. (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, míreanna 118 agus 119; an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, míreanna 72 agus 73 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 19 Nollaig 2018, *Azarov* v *an Chomhairle*, C-530/17 P, EU:C:2018:1031, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Mar is léir ó mhír 47 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach bhfuil faoi dhíospóid san achomharc, forchuireadh bearta sriantacha ar an achomharcóir ar bhonn chritéar an chomhlachais, ar an bhforas, trína gníomhaíochtaí laistigh den Timchenko Foundation, gur ghlac sí páirt i ngnóthaí poiblí a fear céile agus gur bhain sí tairbhe astu.

38 I míreanna 77 agus 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, shonraigh an Chúirt Ghinearálta gur bhunaigh an t-achomharcóir agus a fear céile an Timchenko Foundation agus go bhfuil siad nasctha go díreach lena gníomhaíochtaí oibríochtúla. Chinn sí freisin go ndearbhaítear a ról gníomhach laistigh den fhondúireacht sin, *inter alia*, leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí atá

acu ann. Dá bhrí sin, ní féidir an Chúirt Ghinearálta a cháineadh as mainneachtain a fhíorú ar chomhlíon na fíorais sin critéir choincheap an chomhlachais a leagtar síos i míreanna 74 go 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

39 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a áitíonn an t-achomharcóir, ní mór a mheas, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 62 dá Tuairim, chun a chinneadh, i mír 79 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh baint ag an t-achomharcóir lena fear céile de réir bhrí chritéar an chomhlachais, go raibh an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh go raibh na céilí sin nasctha le leasanna coiteanna a théann níos faide ná leasanna coiteanna a bhaineann go dlúth le haon chaidreamh teaghlaigh, fiú caidreamh pósta.

40 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

An dara saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

41 I gcomhthéacs an dara saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus an téarma ‘míchuí’ á léiriú aici in aithris 7 de Chinneadh 2022/582. Trína fhoráil gur féidir critéar an chomhlachais a chur i bhfeidhm maidir le baill teaghlaigh a bhaineann tairbhe mhíchuí as duine atá faoi réir bearta sriantacha, ba mhian le reachtas an Aontais, chun cosc a chur ar na baill sin a bheith faoi réir bearta sriantacha mar gheall ar a ngaol teaghlaigh amháin, cruthúnas ar bhuntáiste míchuí a éileamh, is é sin le rá, tairbhe aonair de mhéid áirithe a théann níos faide ná caidreamh teaghlaigh.

42 I mír 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, léirigh an Chúirt Ghinearálta an téarma ‘míchuí’ mar chruthúnas ar ghné mhorálta ar thaobh an bhaill teaghlaigh lena mbaineann, eadhon, gur ghá don bhall teaghlaigh sin a bheith ar an eolas gur bhain an duine lena mbaineann tairbhe as ceann de na critéir a leagtar síos chun bearta sriantacha a ghlacadh. Chomh maith leis an bhfíoras nach féidir a chruthú nach bhfuil feasacht den sórt sin ann, áitíonn an t-achomharcóir nach bhfuil an léiriú arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta ‘réasúnta’, sa mhéid is nach míníonn an Chúirt Ghinearálta an chaoi ar féidir leis an bhfeasacht sin tairbhe a eascraíonn as chaidreamh teaghlaigh a dhéanamh míchuí. Thairis sin, cuireann an léiriú sin oibleagáid ar an mball teaghlaigh lena mbaineann a chinneadh roimh ré an gcomhlíonann an duine a bhfuil gaol teaghlaigh aige leis na critéir maidir le cuimsiú a leagtar síos i ngníomh amhail Cinneadh 2014/145, rud a bheadh contrártha do phrionsabal na hintuarthachta.

43 Déanann an Chomhairle agus an Coimisiún argóintí an achomharcóra a dhíospóid cé gur aontaigh siad, mar mhalairt air sin, nár bhain an Chúirt Ghinearálta úsáid as léiriú ceart ar an bhfocal ‘míchuí’.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

44 Lena dara saincheist dlí, déanann an t-achomharcóir gearán, go bunúsach, nár léirigh an Chúirt Ghinearálta i gceart, i mír 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, an téarma ‘míchuí’ atá in aithris 7 de Chinneadh 2022/582, eadhon, ceann den dá ghníomh tosaigh atá faoi chonspóid.

45 Luaitear in Aithris 7 de Chinneadh 2022/582, amhail le haithris 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/581, arb é an dara ceann de na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid, go bhféadfar bearta sriantacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha a bhfuil baint acu le mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus go bhféadfaidh na daoine nádúrtha a bhfuil baint acu lena chéile, mar is léir ón nath 'lena n-áirítear', baill teaghlaigh a bhaineann tairbhe 'mhíchuí' as na daoine gnó sin.

46 I mír 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, *inter alia*, go raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais a shoiléiriú, trí úsáid a bhaint as an aidiacht 'mhíchuí', gur ghá don bhall teaghlaigh lena mbaineann a bheith ar an eolas maidir leis an tairbhe a eascraíonn as ceann de na critéir lena dtugtar údar le bearta sriantacha a ghlacadh.

47 I ndáil leis sin, ní mór a mheas, mar a aithníonn na páirtithe d'aon toil, nár léirigh an Chúirt Ghinearálta an aidiacht 'mhíchuí' i gceart atá in aithris 7 de na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid.

48 Ar an gcéad dul síos, ní léir ó fhoclaíocht aithris 7 gur ghá go mbeadh cineál míchuí an bhuntáiste ag brath ar ghné d'aon ghnó, eadhon, go mbeadh an ball teaghlaigh lena mbaineann ar an eolas faoi.

49 Ar an dara dul síos, ní féidir coincheap an chomhlachais a bheith ag comhfhreagairt do chásanna ina mbaineann ball teaghlaigh tairbhe as dhuine atá faoi réir bearta sriantacha, agus do na cásanna sin amháin, toisc go bhfuil an ball teaghlaigh sin ar an eolas go dtagann an tairbhe sin ó dhuine a chomhlíonann ar a laghad ceann amháin de na critéir liostaithe. Ós rud é, mar is léir ó mhír 32 den bhreithiúnas seo, gurb é is cuspóir do bhearta sriantacha a fhorchur ar bhonn chritéar an chomhlachais na rioscaí a bhaineann le himchéimniú a sheachaint, ní fhéadfaí cuspóir den sórt sin a bhaint amach go hiomlán agus go héifeachtach dá mba ghá an fheasacht sin a shuí go córasach ar thaobh an bhaill teaghlaigh lena mbaineann. Dá bhrí sin, tá an léiriú ar an téarma 'míchuí' arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta contrártha don chuspóir atá á shaothrú ag critéar an chomhlachais.

50 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil sé i gceist le haithris 7 de na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid coincheap an chomhlachais i gcásanna ina bhfuil gaol teaghlaigh ag an dá dhuine a bhfuil baint acu lena chéile a shoiléiriú, mar shampla, trí úsáid a bhaint as an nath 'lena n-áirítear' agus, dá bhrí sin, gan dochar do chineálacha eile comhlachais. Léirítear in Aithris 7, mar a leagtar amach i míreanna 30 agus 31 den bhreithiúnas seo, nach féidir duine nádúrtha a chur faoi réir bearta sriantacha ach amháin má tá sé nasctha le daoine atá faoi réir bearta sriantacha de réir leasanna coiteanna a théann go hoibiachtúil thar a ngaol teaghlaigh.

51 Níl aon éifeacht ag an earráid i léiriú na Cúirte Ginearálta san abairt dheireanach de mhír 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ar an gcuid oibríochtúil den bhreithiúnas atá faoi achomharc, atá fós bunaithe ar fhorais dhlíthiúla eile, agus mar thoradh air sin nach féidir an breithiúnas sin a chur ar ceal (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Prosegur Compañía de Seguridad* v *an Coimisiún*, C-55/19 P, EU:C:2021:797, mír 106 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Ní chaitheann léiriú mícheart na Cúirte Ginearálta ar an téarma 'míchuí' amhras ar an léiriú a ghlac sí, i mír 74 agus sa chéad abairt de mhír 76 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar choincheap an chomhlachais i gcás baill den teaghlach céanna os rud é nach bhfuil an léiriú sin curtha ó bhail ag earráidí dlí mar is léir ó mhíreanna 29 go 32 den bhreithiúnas seo.

53 Ina theannta sin, níl aon éifeacht ag an earraid i léiriú na Cúirte Ginearálta ar a measúnú ar thuillteanais an fhorais ar a forchuireadh bearta sriantacha ar an achomharcóir. Níor scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta i mír ar bith den bhreithiúnas atá faoi achomharc, an raibh an t-achomharcóir ar an eolas go raibh an tairbhe a d'fhéadfadh sí a bhaint as a rannpháirtíocht i ngnóthaí poiblí a fear céile tríd an Timchenko Foundation ó dhuine a chomhlíonann ceann de na critéir a leagtar síos i gCinneadh 2014/145 agus i Rialachán Uimh. 269/2014.

54 Ar na cúiseanna sin, ní mór diúltú don dara saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

An tríú saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

55 Lena tríú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir, i mír 82 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus gur sháraigh sí a hoibleagáid réasúin a shonrú trí dhiúltú dá hargóint nach raibh aon bhaint ag a gníomhaíochtaí laistigh den Timchenko Foundation leis an ionradh ar an Úcráin, ar an bhforas nár foráladh nasc den sórt sin leis an gcritéar (a) lenar tugadh údar le bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne a fir céile. Ós rud é nach mór na bearta sriantacha arna nglacadh ina coinne faoi critéar an chomhlachais a bheith riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear le córas na mbeart sriantach arna bhforchur i gcoinne Chónaidhm na Rúise a bhaint amach, eadhon, brú a chur ar Rialtas Chónaidhm na Rúise agus costais ghníomhaíochtaí an Stáit sin a mhéadú chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, áitíonn an t-achomharcóir gur cheart don Chúirt Ghinearálta a mhíniú, sa mhír sin den bhreithiúnas atá faoi achomharc, conas a d'fhéadfaí na cuspóirí sin a bhaint amach trí bhearta sriantacha a fhorchur ina choinne.

56 Déanann an Chomhairle agus an Coimisiún argóintí an achomharcóra a dhíospóid, agus maíonn an Chomhairle freisin, a mhéid a bhaineann sé le comhréireacht chritéir an chomhlachais agus na mbeart sriantach a glacadh ar a bhonn, go bhfuil an tríú saincheist dlí do-ghlactha toisc gur luaigh an t-achomharcóir, os comhair na Cúirte Ginearálta, go raibh a saincheist dlí á tarraingt siar aici lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

57 Lena tríú saincheist dlí, maíonn an t-achomharcóir go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus gur sháraigh sí a hoibleagáid réasúin a shonrú trí mhainneachtain a fhíorú agus a mhíniú, i mír 82 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, an féidir cuspóirí a shaothraítear le córas na mbeart sriantach arna bhforchur i gcoinne Chónaidhm na Rúise a bhaint amach leis na bearta sriantacha a fhorchuirtear uirthi, agus cén chaoi a bhféadfaí iad a bhaint amach.

58 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearbhaíonn an t-achomharcóir ina freagra nach líomhnaíonn sí, leis an saincheist dlí sin, sárú ar phrionsabal na comhréireachta, ach measann sí gur cheart don Chúirt Ghinearálta a fhíorú, mar gheall ar na leasanna coiteanna atá aici lena céile a théann níos faide ná a ngaol teaghlaigh, an raibh nasc leordhóthanach idir í agus an staid a chumhdaítear le córas na mbeart sriantach a fhorchuirtear ar Chónaidhm na Rúise. Sna himthosca sin, ní gá rialú a dhéanamh ar an bhforas do-ghlacthachta a d'ardaigh an Chomhairle.

59 Maidir leis an tsubstaint, ba cheart a mheabhrú, i mír 82 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d'argóint an achomharcóra nach mbaineann gníomhaíochtaí an achomharcóra laistigh den Timchenko Foundation le hionradh na hÚcráine. I ndáil leis sin, luaigh an chúirt sin nár foráladh leis an gcritéar (a) dá bhforáiltear, *inter alia*, le Cinneadh 2014/145, gur ghá nasc den sórt sin a bhunú.

60 Agus an méid sin á dhéanamh aici, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ná níor sháraigh sí a hoibleagáid réasúin a shonrú.

61 Sa chéad áit, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, go bunúsach, i mír 82 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní fhoráiltear leis an gcritéar (a) ar a bhonn a forchuireadh bearta sriantacha ar fhear céile an achomharcóra, ná leis an gcritéar comhlachais, faoinar forchuireadh bearta den sórt sin ar an achomharcóir, go gceanglaítear ar an gComhairle a léiriú go bhfuil gníomhaíochtaí an achomharcóra nasctha leis na gníomhaíochtaí díchobhsaithe nó leis na beartais díchobhsaithe arna saothrú ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Go sonrach, braitheann critéar an chomhlachais go heisiach ar nasc a bheith ann idir an duine lena mbaineann agus an duine a bhfuil baint aige leis agus atá faoi réir bearta sriantacha féin faoi chritéar liostaithe eile.

62 Thairis sin, tá réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais ar dá réir atá tábhacht na gcuspóirí a shaothraítear le gníomh de chuid an Aontais lena mbunaítear córas beart sriantach de chineál a thugann údar le hiarmhairtí diúltacha, fiú iarmhairtí substaintiúla, do dhaoine áirithe, lena n-áirítear iad siúd, amhail daoine a bhfuil baint acu le duine nó le heintiteas atá faoi réir bearta sriantacha, nach bhfuil siad freagrach ar bhealach ar bith as an staid ba chúis le glacadh na mbeart atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2008, *Kadi agus Al Barakaat International Foundation* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, C-402/05 P agus C-415/05 P, EU:C:2008:461, míreanna 361 agus 362).

63 Sa dara áit, sna himthosca sin, ní raibh sé de cheangal ar an gCúirt Ghinearálta ar bhealach ar bith, chun freagairt d'argóint an achomharcóra nach raibh aon bhaint ag a gníomhaíochtaí laistigh den Timchenko Foundation le hionradh na hÚcráine, scrúdú a dhéanamh ar an gceist ar leith i dtaobh an bhféadfaí na cuspóirí a shaothraítear le córas na mbeart sriantach arna nglacadh ag an Aontas Eorpach i gcoinne Chónaidhm na Rúise a bhaint amach de bharr na mbeart sriantach a forchuireadh uirthi faoin gcritéar comhlachais. Ina theannta sin, is leor a mheabhrú, mar is léir ó mhír 32 den bhreithiúnas seo, go bhfuil sé d'aidhm ag na bearta sriantacha a fhorchuirtear ar dhaoine a bhfuil baint acu lena chéile amhail an t-achomharcóir an baol a sheachaint go rachfaí timpeall ar na bearta sriantacha a fhorchuirtear ar an gcéad dul síos ar bhaint an duine lena mbaineann, ós rud é nach mbeadh sé ábhartha in aon chás a fhíorú an féidir leis na bearta sriantacha arna nglacadh i gcoinne an achomharcóra na cuspóirí eile a shaothródh an réimeas sin, de réir líomhaintí an achomharcóra a bhfuil achoimre orthu i mír 55 den bhreithiúnas seo.

64 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tríú saincheist dlí freisin toisc í a bheith gan bhunús agus, dá bhrí sin, an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine.

Costais

65 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, i gcás nach bhfuil bunús leis an achomharc, tá an Chúirt Bhreithiúnais le breith a thabhairt maidir le costais. Foráiltear le hAirteagal 138(1) den Rialachán sin, a bhfuil feidhm aige maidir leis an nós imeachta achomhairc de bhua Airteagal 184(1) díobh, go n-ordófar d'aon pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

66 Ós rud é go ndearna an Chomhairle agus an Coimisiún iarratas ar chostais agus nár éirigh leis an achomharcóir, ní mór a ordú don achomharcóir na costais a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra):

1. Díbhtear an t-achomharc.

2. Ordaítear do Elena Petrovna Timchenko na costais a íoc.

Sínithe